# Treoirlínte d'iarratasóirí

# Scéim Tionscadal Colmcille

Cuireann na treoirlínte seo eolas ar fáil faoi Scéim Tionscadal Colmcille. Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil an t-iarratasóir cáilithe le cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo (is féidir le daoine aonair nó eagraíochtaí iarratas a dhéanamh)
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth

Léigh go cúramach iad, le do thoil, sula dtabharfaidh tú faoin iarratas a chomhlánú.

**1. Mar gheall ar an scéim seo**

Tá maoiniú á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge trí Scéim Tionscadal Colmcille le cuidiú le hiarratasóirí caidreamh a chothú idir pobail teanga Ghaeilge na hAlban agus Ghaeilge na hÉireann agus an dá theanga seo a neartú tríd an chaidreamh.

Scéim Tionscadal Colmcille 2026

- Spriocdháta Dé Céadaoin an 3 Nollaig 2025, 5.00p.m.
- Uasteorainn €12,000/£10,100

Is le hairgead poiblí a bhronntar deontais, agus tá dualgais reachtúla ar Fhoras na Gaeilge luach ar airgead gach tionscadail mhaoinithe a dheimhniú.

Molann Foras na Gaeilge d'iarratasóirí cómhaoiniú a lorg le haghaidh tionscadal, nuair is cuí, agus comhoibriú le heagraíochtaí eile leis an luach is fearr a fháil ó dheontas Fhoras na Gaeilge.

**2. An féidir linne cur isteach air?**

Critéir cháilitheacha

**Riachtanach**

1. Nascann an t-iarratas Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban
2. Tá scileanna i nGaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban lárnach sa tionscadal
3. Tá an t-iarratasóir in ann tionscadal a chur i gcrích:
    a. a mbeidh toradh suntasach agus/nó fadtéarmach air
    b. a rachaidh chun leas mhórphobal Ghaeilge na hÉireann agus/nó Ghaeilge na hAlban

**Inmhianaithe**

1. Cothaíonn an tionscadal comhpháirtíocht idir an dá thír
2. Tá an t-iarratasóir lonnaithe in Éirinn nó in Albain

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheachta seo.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith de na critéir cháilitheachta, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le colmcille@forasnagaeilge.ie ar a laghad cúig lá oibre roimh an spriocdháta.

**3. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?**

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le hiarratais a mheasúnú. Tá critéir mheasúnaithe na scéime leagtha amach thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéar seo:

*Tá na tosaíochtaí thíos bunaithe ar Ghaeilge na hÉireann agus ar Ghaeilge na hAlban ach glacann Colmcille le hiarratais a bhfuil Gaeilge Mhanann mar chuid den tionscadal chomh maith.*

1. An méid foghlama teanga a tharlóidh sa tionscadal, Gaeilge na hAlban in Éirinn, nó Gaeilge na hÉireann in Albain

2. Úsáid éifeachtach an dá theanga le linn an tionscadail agus le linn imeachtaí, mar shampla cur i láthair, aistriúchán comhuaineach agus comharthaíocht mar is cuí

3. Ardú feasachta ar theanga agus ar chultúr Ghaeilge na hÉireann in Albain agus ar theanga agus ar chultúr Ghaeilge na hAlban in Éirinn

4. An caidreamh agus an chomhpháirtíocht a chothófar idir pobail labhartha Ghaeilge na hAlban agus Ghaeilge na hÉireann

5. Tionchar an tionscadail maidir le Gaeilge na hAlban nó Gaeilge na hÉireann, nó a bpobail teanga, a neartú tríd an nasc atá eatarthu a chur chun cinn

6. Taithí agus cumas cuí an iarratasóra leis an tionscadal a chur i gcrích

7. Luach ar airgead an tionscadail

**Gníomhaíochtaí atá incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim**

- Tionscadail a chuirfidh leis na téamaí straitéiseacha seo atá luaite i Straitéis Colmcille:
  - Na healaíona agus na meáin
  - An oidhreacht, an comhshaol agus an turasóireacht chultúrtha
  - An t-aos óg
  - Foghlaim Ghaeilge na hÉireann agus Ghaeilge na hAlban
  - Pleanáil teanga, comhpháirtíocht agus forbairt pobail

- Pleanáil tionscnaimh le comhpháirtí in Albain, nó in Éirinn más comhpháirtí in Albain an t-iarratasóir

- Aistriúchán comhuaineach nó socruithe eile, más cuí, le gur féidir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a úsáid ag an ócáid amháin
- Ceardlanna nó oiliúint
- Taisteal, lóistín, cothú agus táillí atá riachtanach don tionscadal a chur i gcrích agus a léiríonn luach ar airgead
- Gníomhaíocht ar bith eile a bheadh fóirsteanach i dtuairim Fhoras na Gaeilge agus réamhaontaithe le Foras na Gaeilge

**Gníomhaíochtaí agus nithe nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim**

- Imeachtaí nó gníomhaíochtaí nach léir d'fhoireann Fhoras na Gaeilge go gcomhlíonann siad critéir na scéime
- Imeachtaí, turais nó gníomhaíochtaí nach léir cén bhaint atá acu le Gaeilge na hÉireann agus na hAlban agus leis an choibhneas idir an dá theanga, mar shampla turas nach bhfuil Gaeilge na hÉireann nó Gaeilge na hAlban ina cuid lárnach de
- Caiteachas ar dheochanna meisciúla
- Imeachtaí, ócáidí, turais, etc. nach raibh san áireamh sa bhuniarratas nó nach bhfuil réamhaontaithe le foireann Fhoras na Gaeilge
- Sonraisc inmheánacha ón iarratasóir nach bhfuil réamhaontaithe le Foras na Gaeilge, mar shampla tuarastal, cúiteamh airgid, cíos
- Nithe atá maoinithe ag foinsí eile

## 4. Cad é mar a chuirfimid isteach air?

Sula dtabharfaidh tú faoin fhoirm iarratais a chomhlánú léigh na treoirlínte ina n-iomláine arís agus déan cinnte go gcomhlíonann an t-iarratasóir (duine aonair nó eagraíocht) critéir cháilitheachta na scéime faoi mhír 2 thuas.

Ní ghlacfar le hiarratais ar an scéim seo ach mar dhoiciméid Word nó PDF trí ríomhphost.

Faoin iarratasóir féin atá sé a chinntiú go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus curtha isteach in am.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith den iarratas déan teagmháil le colmcille@forasnagaeilge.ie ar a laghad cúig lá oibre roimh an spriocdháta.

## 5. Cad é a tharlóidh dár n-iarratas?

Déanfaidh Foras na Gaeilge gach iarratas bailí a mheas faoi na critéir mheasúnaithe atá luaite i mír 3 thuas.

Cuirfear an cinneadh maoinithe in iúl d'iarratasóirí trí ríomhphost.

Má dhéantar stocaireacht ar aon chomhalta boird nó aon fhostaí de chuid Fhoras na Gaeilge cealófar an t-iarratas dá thoradh sin.

Cealófar aon iarratas ina dtugtar eolas míchruinn.

Is é feidhmeannas Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú, agus a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.

**6. Má éiríonn lenár n-iarratas?**

Má éiríonn le d'iarratas cuirfimid tairiscint chugat trí ríomhphost ina mbeidh gach eolas ábhartha maidir le híocaíocht agus monatóireacht dheontas na scéime.

Conradh dlíthiúil a bheidh sa tairiscint seo agus ní mór cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha sin. Is féidir go ndéanfar aon sciar den deontas nó an deontas ar fad a chealú nó a aisghairm má sháraítear aon cheann de théarmaí nó coinníollacha an chonartha.

Más eagraíocht an t-iarratasóir, ní mór cuntas bainc a bheith ann in ainm na heagraíochta, faoi stiúir coiste nó boird. Is cóir gach íocaíocht ó dheontas Fhoras na Gaeilge a íoc as an chuntas seo le go mbeidh taifead scríofa ar fáil ar gach íocaíocht (mar shampla seic, dochar díreach, cártaí bainc a bhaineann leis an chuntas, BACS etc.). I gcás eagraíochta, **ní ceadmhach cárta pearsanta bainc nó cárta creidmheasa a úsáid agus ní cheadófar aisíocaíochtaí ón chuntas chuig cárta pearsanta in aon chás.**

**Ní chuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil d'íocaíochtaí a dhéantar le hairgead tirim ach amháin má tá comhaontú ann.**

Ní mhaoineoidh Foras na Gaeilge aon chaiteachas nach bhfuil ceadaithe roimh ré nó íocaíochtaí gan choinne atá míréasúnta i dtuairim Fhoras na Gaeilge. Má tá aon amhras ann déan teagmháil le foireann Colmcille ag Foras na Gaeilge, colmcille@forasnagaeilge.ie. Ní íocfar aon deontas go siarghabhálach.

**7. Cad é mar is féidir liom aiseolas a thabhairt, gearán a dhéanamh nó achomharc a lorg?**

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte roimh aon mholtaí nó aiseolas a fhéadfaidh a bheith agat faoin scéim seo.

Má tá ábhar gearáin agat faoin scéim seo is féidir sin a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge chomh maith.

Tá córas achomhairc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge. Mura bhfuil tú sásta leis an chinneadh a rinneadh maidir le d'iarratas, is féidir leat athbhreithniú a lorg i scríbhinn taobh istigh de cheithre lá dhéag ó dháta na tairisceana. Ní mór gach iarraidh ar athbhreithniú a bhunú ar na cúiseanna seo amháin:

i. Go ndearna Foras na Gaeilge míléamh ar an eolas a tugadh i rith an mheasúnaithe.
ii. Gur imigh Foras na Gaeilge, ar dhóigh shubstaintiúil, ón phróiseas measúnaithe féin.